Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2018
(OR. en)

15766/18

FIN 1045
ASEM 12
MAMA 235
COEST 271
DEVGEN 250
CONOP 126

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Nollaig 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13767/18 FIN 844 ASIM 139 MAMA 169 COEST 213 DEVGEN 181 CONOP 117 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "The EU Chemical, Biological, Radiological and Nuclear Centres of Excellence: more progress needed" [Ionaid Barr Feabhais AE chun riosca ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach a mhaolú: tuilleadh dul chun cinn ag teastáil] – Conclúidí ón gComhairle, mí na Nollag 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *The EU Chemical, Biological, Radiological and Nuclear Centres of Excellence: more progress needed* [Ionaid Barr Feabhais an Aontais chun riosca ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach a mhaolú: tuilleadh dul chun cinn ag teastáil], arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3666ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 20 Nollaig 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 14/2018 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA DAR TEIDEAL *THE EU CHEMICAL, BIOLOGICAL, RADIOLOGICAL AND NUCLEAR CENTRES OF EXCELLENCE: MORE PROGRESS NEEDED* [IONAID BARR FEABHAIS AN AONTAIS CHUN RIOSCA CEIMICEACH, BITHEOLAÍOCH, RAIDEOLAÍOCH AGUS NÚICLÉACH A MHAOLÚ: TUILLEADH DUL CHUN CINN AG TEASTÁIL]**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dar teideal *The EU Chemical, Biological, Radiological and Nuclear Centres of Excellence: more progress needed* [Ionaid Barr Feabhais an Aontais chun riosca ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach a mhaolú: tuilleadh dul chun cinn ag teastáil] agus na conclúidí uaithi, ina meastar go bhfuil an Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais AE maidir le riosca ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN) ar cheann de na príomhuirlisí chun bagairtí agus rioscaí CBRN ó lasmuigh den Aontas a mhaolú.

2. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh obair leantach ar na gníomhaíochtaí a rinne SEGS agus an Coimisiún chun na Moltaí atá i dTuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 (*Can the EU's Centres of Excellence Initiative contribute effectively to mitigating chemical, biological, radiological and nuclear risks from outside the EU?* [An bhféadfar, le Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais AE, rannchuidiú go héifeachtach le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ó lasmuigh den Aontas a mhaolú?]) a chur chun feidhme ar cheann de phríomhchuspóirí an iniúchta feidhmíochta ar an Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais AE CBRN.

3. Tugann an Chomhairle dá haire Moltaí na Tuarascála Speisialta, atá ceaptha aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a eascraíonn as an iniúchadh feidhmíochta agus arb é is aidhm dóibh an Tionscnamh a neartú agus a choinneáil ar bun.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearna an Coimisiún agus SEGS trí cinn de na sé mholadh a chur chun feidhme go hiomlán, ar moltaí iad a bhí i dTuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 a bhí ann roimhe, agus go ndearna siad dhá cheann a chur chun feidhme go páirteach. Dá bharr sin, tá ról níos mó ag na tíortha comhpháirtíochta agus tionscadail á gcur ar bun agus á gcur chun feidhme, rinneadh an eagraíocht a neartú ar an leibhéal réigiúnach agus cuireadh feabhas ar an gcomhar idir lucht déanta cinntí agus comhlachtaí cur chun feidhme.

5. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, aithníonn an Chomhairle tátal na Tuarascála Speisialta go bhfuil roinnt mhaith dúshlán fós ann. Ar na dúshláin sin, de réir na Tuarascála Speisialta, is gá tosaíocht rioscabunaithe a chur chun feidhme go fóill; tá méadú tagtha ar rialú substaintí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ach tá bacainní móra fós ann; agus ní mór faireachán agus meastóireacht a atreisiú. De réir CIE, ba ghá tuilleadh dul chun cinn maidir le rannpháirtíocht thoscaireachtaí an Aontais agus maidir le luas chur chun feidhme an tionscadail.

6. Dá réir sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS moltaí CIE a chur chun feidhme, go háirithe:

- tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí ar bhonn measúnú riosca sistéamach;
- gné réigiúnach an Tionscnaimh a neartú;
- ról thoscaireachtaí an Aontais sa Tionscnamh a neartú a thuilleadh;
- sineirgí féideartha agus foinsí cistiúcháin eile a shainaithint;
- cuntasacht agus infheictheacht na ngníomhaíochtaí agus na dtorthaí a mhéadú trí fhaireachán agus meastóireacht fheabhsaithe;
- athchóiriú a dhéanamh ar an tairseach ar líne chun rochtain éasca a áirithiú ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le gníomhaíochtaí an Tionscnaimh.

7. Ar deireadh, tá an Chomhairle ag tnúth le nuashonruithe eile a fháil maidir le cur chun feidhme agus toradh na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón Tionscnamh maidir le hIonaid Barr Feabhais AE chun riosca Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach a mhaolú.